An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Ráiteas Meán:
27 Deireadh Fómhair 2022

**Tuarascáil thosaigh taighde maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Creat don tSraith Shóisearach**

Is díol sásaimh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) é foilsiú *Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha*. Is í seo an chéad tuarascáil i sraith tuarascálacha taighde maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata agus, mar sin; tá léargais thosaigh shealadacha le fáil inti i dtaca le heispéiris scoileanna maidir le hobair leis an gCreat ó tugadh isteach é in 2015.

Is staidéar spreagúil é an taighde fadaimseartha ceithre bliana seo, a cuireadh ar bun i ndeireadh 2020 agus atá bunaithe ar shampla atá ionadaíoch go náisiúnta, agus is é is aidhm leis dearcthaí múinteoirí, príomhoidí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an gCreat don tSraith Shóisearach. Tá an taighde idir lámha ag foireann taighde in Ollscoil Luimnigh a bhfuil an taithí chuí acu thar ceann an CNCM agus tá sé bunaithe ar shaineolas suntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, sa taighde fadaimseartha.

I measc na n-ábhar bunaidh don chead tuarascáil seo tá suirbhé a cuireadh chuig 965 múinteoir ó 74 scoil chomh maith le hagallaimh duine le duine le 28 príomhoide scoile agus agallaimh le hionadaithe de chuid 15 ghrúpa leasmhara.

Baineann cás-staidéir ghrinne maidir le suas le 12 scoil le hobair leantach an staidéir agus dírítear ar pheirspictíochtaí scoláirí agus tuismitheoirí mar chuid dóibh sin. Táthar ag leanúint le suirbhéanna ar líne a chur chuig múinteoirí ó suas le 100 scoil agus agallaimh a dhéanamh le suas le 100 príomhoide scoile ag an am céanna.

Cé go bhfuil na léargais thosaigh a foilsíodh inniu sealadach mar is gá dóibh a bheith, áirítear ina measc:

- Go dtacaíonn múinteoirí, ceannairí scoile, agus páirtithe leasmhara le bunús an athraithe mar atá leagtha amach sa Chreat.
- Go mbaineann an réimse leathan tacaíochta seo le hoideolaíochtaí nua agus cleachtais nua mheasúnaithe freisin. Go dtarraingítear aird ar an mbéim bhreise a leagtar sa Chreat ar phríomhscileanna, ar fholláine an scoláire, agus ar bhreis deiseanna do ghuth an scoláire sa seomra ranga, i gcomhthéacs na foghlama agus an mheasúnaithe.

- Go dtugann na torthaí seo le fios go n-éascaíonn cleachtais seomra ranga múinteoirí foghlaim níos scoláire-láraithe agus go bhfuil fianaise ann ó na foinsí ar fad go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chomhoibriú agus plé gairmiúil múinteoirí.
- Go gcreideann formhór na bpríomhoidí gur imir an Creat dea-thionchar ar fhoghlaim an scoláire, ar mheasúnú na foghlama, ar thuairisciú na foghlama, ar ionchuimsiú foghlaimeoirí, ar fholláine an scoláire, ar ghuth an scoláire, agus ar spéiseanna an scoláire.

Ag fáiltiú di d'fhoilsiú na tuarascála, dúirt Emer Egan, Cathaoirleach Eatramhach CNCM: "*Tugann an chéad tuarascáil seo léargais thosaigh dúinn ar obair scoileanna leis an gCreat don tSraith Shóisearach agus tugann na torthaí tosaigh seo le fios go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann d'athrú curaclaim agus measúnaithe sa staid thábhachtach seo d'oideachas iar-bhunscoile daoine óga. Tá taighde beacht agus láidir ríthábhachtach d'obair CNCM agus cuireann sé le bunús láidir fianaise d'obair na Comhairle maidir le comhairle a fhorbairt don Aire Oideachais." (aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge)*

Is éard a dúirt an tAire Foley: "Cuirim an-fháilte roimh an gcéad tuarascáil seo ón staidéar ceithre bliana. Tugann an taighde comhartha luath dúinn ar na tairbhí atá ann d'fhoghlaim na scoláirí de thoradh an Chreata Sraithe Sóisearaí nua, tairbhí a bheidh sé spéisiúil iad a fhiosrú tuilleadh ag céimeanna níos faide anonn. Is ardú misnigh é an tacaíocht atáthar a thabhairt le haghaidh athrú ar fud grúpaí páirtithe leasmhara, agus is léir go dtuigeann siad go dtógann sé am athrú a dhéanamh. Táim ag súil le tuilleadh torthaí ón taighde seo a fháil, torthaí a bheidh thar a bheith tábhachtach i dtaobh na dtionchar, na dtorthaí agus an ábhair foghlama a bheidh ann mar gheall ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí a mheas.

Léiríonn an taighde freisin na réimsí a bhfuil tuilleadh machnaimh le déanamh orthu maidir le fís an Chreata a chur i gcrích. Ina measc sin, tá:

- Dúshláin ó thaobh bainistíocht ama de, i gcás ualach oibre an mhúinteora aonair agus ag leibhéal bhainistiú na scoile araon, socrú amchláir san áireamh.
- An gá le níos mó ama le tairbhe a bhaint as luach iomlán an mheasúnaithe leantaigh rangbhunaithe mar bhealach le tacú le haistear foghlama an scoláire.
- Tionchar meán- agus fadtéarmach phaindéim Covid-19 ar chur i bhfeidhm an Chreata - tionchar dhúnadh na scoileanna ar fholláine an scoláire, agus ar na cleachtais fhorásacha a bhí á nginiúint ag cur i bhfeidhm an Chreata.

Ag labhairt di ar thábhacht an staidéir d'obair an CNCM, Dúirt Arlene Forster, Príomhfheidhmeannach CNCM: "*Cuireann an tuarascáil a foilsíodh inniu an staidéar fadaimseartha i láthair dúinn – aidhmeanna an staidéir, a dearadh, agus, níos tábhachtaí ná aon rud eile, na rannpháirtithe. Cé go bpléann an tuarascáil le staid thosaigh an staidéir, léirítear inti go soiléir na féidearthachtaí atá ann ó thaobh taighde a dhéanamh ar eispéiris fhíorshaoil scoileanna maidir leis an gCreat don tSraith Shóisearach a úsáid chun an teagasc, foghlaim, agus measúnú a chur in oiriúint. Ar an gcaoi seo, tabharfaidh an staidéar, thar na blianta atá le teacht, léargais mhiona agus curtha i gcomhthéacs dúinn ar an athrú atá tagtha*

*agus ag teacht fós ar an gcleachtas i seomraí ranga na Sraithe Sóisearaí ó tugadh isteach an Creat, agus ar an gcaoi ar féidir linne in CNCM tacú leis seo." (aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge)*

Táthar ag súil leis go gcabhróidh an tuarascáil thosaigh seo feasacht a ardú maidir leis an staidéar fadaimseartha agus a luach a léiriú do gach duine atá bainteach le heispéireas oideachas na Sraithe Sóisearaí a chur in oiriúint chun leasa ár ndaoine óga. Leanfaidh an fhoireann taighde ar aghaidh ag obair go dlúth le scoileanna agus páirtithe leasmhara sna blianta amach romhainn. Meastar go bhfoilseofar an chéad tuarascáil eile, ina gcuirfear eispéiris an scoláire agus na dtuismitheoirí san áireamh, sa dara ceathrú de 2023.

Tá an-tábhacht ag baint leis an staidéar ar an gCreat don tSraith Shóisearach ó thaobh obair CNCM de agus don chóras oideachais trí chéile. Cabhróidh na torthaí leis an gComhairle tacú le hobair leanúnach na scoileanna i dtaca leis an gCreat don tSraith Shóisearach agus chun athchuairt a thabhairt ar an gCreat agus é a nuashonrú – más gá agus aon áit ar gá – chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin.

CRÍOCH